

Ón Sóisialachas Amháin a Thioctas Slánú na hÉireann

Intreoir

Tá éirígí tiomnaithe don streachailt le haghaidh mhalairt shóisialach don chaipitleachas.

Is córas ar mhaithe le brabús é an caipitleachas go bunúsach, atá bunaithe ar dhúshaothrú an lucht oibre. Faoin chaipitleachas, cruinnítear cumhacht agus maoin i lámha lucht ceannais mhionlaigh a dhéanann brabach ach na billiúin daoine a bheith thíos leis ar fud an domhain, daoine a mhaireann i gcoinníollacha atá sainmhínithe den chuid is mó le cruatan, bochtanas agus éagothroime.

Ciallaíonn an tóir ar shárbhrabús thar aon mhachnamh eile go bhfulaingíonn an córas caipitleach de tháirgeadh tráchtearraí neamhphleanáilte timthriallacha rialta bhorradh and chliseadh. Tá an ghéarchéim chaipitleach dhomhanda i láthair na huairé ina cás amháin de nádúr timthriallach, anordúil agus géarchéimeach an chaipitleachas. Leis na fíricí seo, is féidir a rá go cinntitheach gur córas é an caipitleachas atá contrártha leis an chuspóir riaradh ar riachtanais formhór mór na ndaoine.

Dearbhaíonn éirígí go díreach nach féidir saoirse na hÉireann a bhaint amach ach le bunú poblachta sóisialaí – poblacht saor ó impiriúlachas na Breataine agus saor ó dhúshaothrú caipitleach. Ní féidir rial Bhreataine ná an caipitleachas a leasú. Maidir leis seo, níl muid ag dearbhú aon rud nua. Leis an ghníomh seo, áfach, tá éirígí dá suí féin go daingean i dtraidisiún polaitiúil réabhlóideach na tíre seo. Is traidisiún é a ghlacann leis an lucht oibre mar *‘oidhrí dothruaillithe na troda ar son na saoirse in Éirinn’*. Impíonn an traidisiún réabhlóideach sin go díreach ar an aicme seo arís eile dul leis an troid dár saoirse chomhchoiteann.

Do éirígí, is é an sóisialachas an t-aon mhalairt inmharthana ar an chaipitleachas. Tá smacht agus riaradh an lucht oibre ar gach maoin agus próiseas déanta maoiné i gcóras eacnamaíochta atá pleanáilte go daonlathach mar choinníollacha bunúsacha don sóisialachas. Ní mór, mar ghné riachtanach, go mbeadh gach acmhainn nádúrtha, talamh a tháirgeann maoin, banc, mórthionscal agus líonra cumarsáide agus iompair faoi chomhcheannas mhuintir na hÉireann.

Ní thioctaidh córas malartach ann leis féin, áfach – ní mór é a thógáil. Tá éirígí tiomnaithe do phróiseas an athraithe réabhlóidigh in Éirinn agus dá pháirt a ghlacadh i sochaí nua a bhaint amach bunaithe ar phrionsabail na cothroime, dlúthpháirtíochta agus comhoibrithe. Sa mhéid seo, faigheann muid spreagadh ó streachailtí réabhlóideacha ar fud na cruinne. Ní aithníonn an caipitleachas aon teorann agus tá frithbheartaíocht agus dlúthpháirtíocht idirnáisiúnta lárnach i dtógáil an tsóisialachais.

Creideann éirígí go bhfuil cumas ag an seasamh poblacht sóisialach sa pháipéar seo cur go cinnte leis an streachailt ar son athrú radacach polaitíochta, eacnamaíochta agus sóisialta in Éirinn.

Cuid I

“Is í cúis an Lucht Oibre cúis na hÉireann. Is í cúis na hÉireann cúis an Lucht Oibre. Ní féidir iad a scaradh.”

Is téama athfhillteach i stair streachailt phoblachtach na hÉireann é go ndiúltaíonn cuid mhaith de thacadóirí na streachailte um shaoirse náisiúnta gur í an streachailt aicmeach foinsé na streachailte náisiúnta agus go bhfuil réiteach rathúil ceann acu dodhéanta gan réiteach rathúil an chinn eile.

Go ró-mhinic, bhí an streachailt um chearta eacnamaíochta agus sóisialta faoi réir na streachailte um chearta náisiúnta. Creideann éirígí go léiríonn seo seasamh atá lochtach ó thalamh agus frithghníomhach, seasamh a rinne rud ní ba thábhachtaí den streachailt ar son na ‘hÉireann’ thar, agus éagsúil ó, an streachailt do leas mhuintir na hÉireann.

Ní féidir aon chomhghéilleadh a bheith ann idir an lucht rachmais agus an lucht oibre, ná aon cheist a bheith ann faoi cheist na saoirse náisiúnta a scaradh ó cheist na coimhlinte aicmí.

Go bunúsach, creideann éirígí go bhfuil bunchúis na coimhlinte in Éirinn le haimsiú i nádúr an chaidrimh eacnamaíochta agus shóisialta atá idir Éire agus an Bhreatain leis na céadta bliain; tá stair an chaidrimh Angla-Éireannaigh fite le stair fhorbairt Impireacht na Breataine agus caipitleachais agus impiriúlachais mar chóras domhanda.

Baineann nádúr an chaidrimh eacnamaíochta agus shóisialta atá idir muintir na hÉireann a oiread le streachailt na hÉireann agus a bhaineann caidreamh na hÉireann leis an Bhreatain. Níl aon dallach dubh orainn nach bhfuil dílse ar bith ag an lucht rachmais sa deireadh ach dá leas aicmeach féin. Níl aon difear bunúsach idir caipitlí ó Éirinn agus caipitlí ó Shasana ná aon áit eile. I gcaitheamh an staire, d’úsáid searbhóntaí an chaipitleachais, agus na córais shóisialta mhaoinbhunaithe a chuaigh roimhe, d’úsáid siad beartaíocht ‘scar is treascair’ le héifeacht; ag cur mearbhall ar agus ag roinnt daoine ar bhonn ‘náisiúnta’ agus creidimh chun fócas a shraonadh ó nádúr dúshaothrach na sochaí atá bunaithe ar idirdhealú aicmí sóisialta.

Is é seasamh éirígí maidir leis an cheist ‘náisiúnta’, a bhfuil leagtha amach níos cuimsithí sa pháipéar *Impiriúlachas – Éire agus an Bhreatain*, go raibh leas míleata-polaitiúil na Breataine in Éirinn i gcónaí ag baint go dlúth le leas an chórais chaipitligh-impiriúlaigh a dhaingniú; léiríonn forghabháil leanúnach uasdátaithe limistéar na Sé Chondae, ina bhfuil lámh ag an pharlaimint puipéid ar son na Breataine ag Stormont agus fearas iomlán míleata-slándála na póilíní paraimíleata, trúpaí na Breataine, suiteálacha míleata, agus gníomhaireachtaí faisnéise, léiríonn siad seanchuspóir lucht ceannais na Breataine chun a leas in Éirinn a dhaingniú agus a chosaint.

Is sa chomhthéacs seo a fheiceann éirígí an streachailt náisiúnta chomhaimseartha mar thosach amháin i streachailt i bhfad níos leithne in éadan comhchóras an chaipitleachais agus an impiriúlachais a bhfuil i gceannas in

Éirinn agus ar fud an tsaoil mhóir.

Sruthanna na Smaointeoireachta Réabhlóidí in Éirinn

Aithníonn éirígí go heisiach le sruth réabhlóideach a rinne idirdhealú go stairiúil idir é féin agus claonadh ceannasach an náisiúnachais choiméadaigh. Aithníonn an sruth seo, agus glacann sé le, an gaol bunúsach agus do-scartha atá ann idir na streachailtí sóisialta agus náisiúnta. Ó Pháirtí Poblachtach Sóisialach na hÉireann go dtí Arm Cathartha na hÉireann, go dtí an Chomhdháil Phoblachtach agus, inniu, éirígí, bhí sluaite eagraithe dhaoine ann ar fud stair na hÉireann a thiomnaigh iad féin d'athrú radacach i gcaidrimh eacnamaíochta, shóisialta agus pholaitiúla in Éirinn.

Tá an traidisiún seo soiléir i saothair mórán de na smaointeoirí agus gníomhaigh ba radacaí: ó mhíniú réamh-Marxach William Thompson ar nádúr dúshaothrach an chaipitleachais; go maíomh James Fintan Lalor go bhfuil *'úinéireacht iomlán na hÉireann – morálta agus ábharach – dílsithe de cheart do mhuintir iomlán na hÉireann'*; go *Labour in Irish History* de chuid James Connolly. Chuir siad, i measc daoine eile, chuir siad le forbairt tuiscint aicmebhunaithe, Mharxach, réabhlóideach ar stair shóisialta, pholaitiúil agus eacnamúil na hÉireann. Ba é Connolly ba shoiléire a d'aithin nádúr stairiúil na streachailte in Éirinn agus nádúr comhlántach na streachailte aicmí agus na streachailte um shaoirse náisiúnta araon nuair a rinne sé an argóint gur:

“Ceist shóisialta í ceist na hÉireann, réitíonn seantroid iomlán mhuintir na hÉireann in éadan a lucht ansmachta í féin i ndeireadh na dála ina troid do mháistreacht ar na modhanna maireachtála, foinsí an táirgthe in Éirinn.”

Do Shaoirse Náisiúnta agus don Sóisialachas

Tá éirígí tiomnaithe ní amháin don streachailt ar son saoirse náisiúnta na hÉireann ach don streachailt ar son chruthú chórais shóisialaigh freisin. Nuair a mhaíonn éirígí gur páirtí poblachtach sóisialach atá ann, tá níos mó sa mhaíomh sóisialachais seo ná maíomh faoin chineál poblachta iar-fhorghabhála, iar-athaontaithe ar mhaith leis an pháirtí a fheiceáil. Tá muid cinnte dearfa go dtagann gach mórchoimhlint pholaitiúil agus shóisialta in Éirinn agus ar fud an domhain mhóir as eiseadh chóras aicmeach an chaipitleachais féin.

Tagann bunús gach coimhlint pholaitiúil agus shóisialta ó choimhlint atá ann idir leasanna aicmeacha freasúracha. Bhí sé amhlaidh san am a chuaigh thart, tá sé amhlaidh inniu agus beidh sé amhlaidh a fhad is a mhaireann an córas caipitleach. Sa chomhthéacs seo, dearbhaíonn éirígí go nglacann go glan le seanrá Karl Marx *'gur í stair gach sochaí a bhí ann go dtí seo stair na gcoimhlintí aicmeacha'*.

Is é atá éirígí a mhaíomh gur gá nádúr an chórais dhúshaothraithe ag croílár an chaipitleachais a thuiscint, chun coimhlint na gcéadta bliana idir Éire agus an Bhreatain a thuiscint. Go bunúsach, bhí láithreacht stairiúil mhíleata agus pholaitiúil choilíneachas na Breataine in Éirinn tiomáinte i gcónaí ag riachtanais

lucht ceannais agus creachta na Breataine. Is amhlaidh atá sin inniu. Bhí dúshaothrú agus daorsmachtú fhorhmór mhuintir na hÉireann, araon le tearcforbairt a geilleagair, mar chuid de phríomhoidhreacht na gabhála sin.

Gabháil na hÉireann

Léiríonn aon anailís oibiachtúil ar an chaidreamh stairiúil idir Éire agus an Bhreatain go soiléir an ról ceannasach agus dúshaothrach a ghabh an dara tír uirthi féin i gcónaí. Go háirithe, tá an tréimhse ón lár-18ú Céad ar aghaidh ina shampla de ghéilliúlacht riachtanais dhúchasacha na hÉireann do riachtanais Impireacht nuaghinte na Breataine, a bhí ag dul faoi réabhlóid tionsclaíochta le gá do sholáthar flúirseach oibrithe, talún agus bunábhar.

I ndiaidh threascairt éirí amach 1798, rith rialtas na Breataine Acht an Aontais in 1801. Bhí tionchar millteach ag Acht an Aontais ar fhorbairt gheilleagar na hÉireann. Le bascadh dhéantóireacht na hÉireann, bhí Éire ina soláthraí earraí bia saora agus oibrithe saora araon do gheilleagar na Breataine, agus ina margadh freisin d'earraí na Breataine. Agus tiarnaí talún neamhláithreacha ag forchur cíosa a bhí ag ardú de shíor ar thuataigh na hÉireann, níor ath-infheistíodh a t-airgead a bailíodh i dtalmhaíocht na hÉireann a fheabhsú ach, ina áit, infheistíodh é i ngeilleagar na Breataine.

Faoin am a dtáinig an Drochshaol anuas in 1845, bhí beagnach dhá thrian de dhaonra na hÉireann ag brath ar thalmhaíocht amháin mar shlí mhaireachtála. Rinne an eacnamaíocht *laissez faire* a chur taca faoin tréimhse dhúshaothrú géar eacnamaíochta agus ghorta seo, ó 1845 go 1850, rinne sí deargshlad ar dhaonra na hÉireann. In 1847 amháin, fuair 300,000 duine bás den ocra.

Thar thréimhse 40 bliain, laghdaigh bás ón ocra agus ó ghalair chomh maith le heisimirce na sluaite an daonra iomlán faoi thrian, ó 8.1 milliún in 1841 go cúig mhilliún in 1881. Agus Éireannaigh ag fáil ocrais, dhiúltaigh rialtas na Breataine bac a chur ar easpórtáil ghráin ón tír. Bhí 'loighic' an chaipitleachais agus an mhargaidh chosligthe i réim, fiú leis na milliún Éireannach ar ghorta. Ba thréimhse é seo, mar a James Connolly faoi deara, nuair ar *'íobraíodh ar altóir na smaointeoireachta caipitlí'* milliún duine in Éirinn.

Forbairt Thionsclaíoch in Éirinn

Lean tiarnaí talún ar aghaidh ag teacht i dtír ar thionóntaí, beag beann ar an slad a tháinig as an Drochshaol. Sna mall-1880í, bhí méadú géar i méid na ndíshealbhuithe: idir 1849 agus 1852, bhí os cionn 50,000 díshealbhú ann, ag dul i bhfeidhm ar bhreis agus 300,000 duine.

Bhrúigh imfhálú an choimín sa Bhreatain, a tharla i gcúinsí *'sceimhlitheoireachta gan trua'* dar le Marx, bhrúigh sé na tuataigh isteach sna cathracha agus bailte ag lorg fostaíochta. In Éirinn, áfach, bhí beagán infheistíocht chaipitil sa tionsclaíocht, a d'fhág na tuataigh gan gabháltas gan mórán rogha seachas eisimirce. Dá bharr, roinnt bheag bhlianta i ndiaidh an Drochshaoil, d'imigh breis agus milliún duine ar imirce ó Éirinn.

Le forbairt theoranta na tionsclaíochta i mBaile Átha Cliath i gcomparáid le

príomhchathracha na Breataine san áireamh, bhí deiseanna fostaíochta san ardchathair cúngaithe a bheag nó a mhór do shaothar neamhoilte ar phá íseal. Faoi thús na 20ú hAoise, bhí an ceathrú cuid de dhaonra fireann na cathrach fostaíthe in obair neamhoilte agus bhí trian den daonra ar maos i mbochtanas shlumaí na cathrach.

Taispeánadh na coinníollacha seo go soiléir sa *Report of the Departmental Committee on the Housing Conditions of the Dublin Working Class*, a chonaic go raibh 5,322 teach tionóntáin sa chathair agus 25,822 teaghlach ina gcónaí iontu, b'ionann sin agus daonra iomlán de 87,305 nó timpeall trian de dhaonra Bhaile Átha Claith in 1913. Fuaireadh go raibh 78 faoin chéad de theaghlaigh ina gcónaí i dtithe tionóntáin ag áitiú in aon seomra amháin agus go raibh 28,000 saoránach na cathrach san iomlán ina gcónaí i gcoinníollacha a bhí mí-oiriúnach le haghaidh áitriú daonna. Rinneadh míleatacht lucht oibre Átha Cliath i gcoinníollacha shlumaí na cathrach, míleatacht a phléasc amach le linn Frithdhúnadh 1913.

Agus formhór mór an daonra ag brath go príomha ar thalmhaíocht sa tréimhse seo, tháinig borradh faoin oirthuaisceart leis an fhorbairt thionsclaíoch. Bhí beagnach leath de lucht oibre tionsclaíoch na tíre lonnaithe ann, agus Béal Feirste ina chroílár. Bhí breis agus an cúigiú cuid de lucht oibre tionsclaíoch na tíre sa chathair agus d'athraigh na tionscail línéadaigh agus tógáil long an chathair ina teach cumhachta tionsclaíoch.

D'fhás daonra Bhéal Feirste ó 75,000 in 1841 go 387,000 in 1911 agus, cé gur ísligh tábhacht an línéadaigh don gheilleagar ag tús na 20ú hAoise, bhí geilleagar ilghnéitheach forbartha sa chathair faoin am sin, a chuimsigh innealtóireacht mhuirí agus mheicniúil, driogaireacht agus déantús tobac. Bhí tógáil long mar mhórfhoinse fostaíochta agus, faoi 1914, bhí 14,000 fear fostaíthe ag longchlós Hardland & Wolff amháin.

Carnabhal an Fhrithghníomhaithe

Bhí impleachtaí tábhachtacha polaitíochta do thodhchaí mhuintir na hÉireann ag an chodarsnacht idir forbairt eacnamúil an oirthuaiscirt agus an chuid eile den tír. Ba é bunús na moltaí chun Éire a chríochnú ná chun leas caipitleach na Breataine a chur ar lámh shábhála agus chun lucht oibre a bhí ag éirí ní ba mhíleataí i gcónaí a scaradh. In 1914, cháin James Connolly polaiteoirí náisiúnacha bunreachtúla a bhí ag ullmhú chun beart a aontú le rialtas na Breataine chun Éire a dheighilt. Réamhínis sé go ceart go gciallódh:

'A leithéid de scéim is an ceann ar aontaigh Redmond agus Devlin leis, feall ar dhaonlathas náisiúnta Uladh thionsclaithe, chiallódh sé carnabhal frithghníomhaithe idir Thuaidh agus Theas, cuireadh sé siar rothlú an fhoráis, scriosadh sé aontacht ghluaiseacht Lucht Oibre na hÉireann atá ag teacht agus bhainfeadh sé beatha na ngéag as gach gluaiseacht tosaigh a fhad is a mhair sé.'

Beagnach céad bliain níos moille, maireann carnabhal an fhrithghníomhaithe. Tá Éire ar deirín sa chóras caipitleach domhanda, leis an bhunaíocht pholaitiúil i dTeach Laighean agus Stormont araon i gceannas ar chóras a

aistríonn maoin ó oibrithe agus na boicht chuig lucht an airgid.

Cé go bhfuil malartú an dá stát teipthe in Éirinn le poblacht chomhaontaithe mar bhunchuspóir ag éirígí, aithníonn muid freisin fírinneacht an chórais chaipitligh uile-Éireann atá ann cheana. Is córas é seo a bhfuil slua pholaiteoirí bithiúnacha, creachbhaincírí, forbróirí cleasaíochta, tiarnaí talún gan trua agus lucht dúshaothraithe eile i gceannas air – córas nach mór a threascairt.

Is sa chomhthéacs seo a dhearbhaíonn muid nach bhfuil fiúntas i nóisean an neamhspleáchais náisiúnta in éagmais an tsóisialachais; is naimhde do lucht oibre na hÉireann iad aicme chaipitleach na hÉireann a oiread agus atá bunaíocht pholaitiúil-mhíleata na Breataine.

Streachailt Aicmeach

Is é *streachailt aicmeach* an téarma is cruinne a chuireann síos ar an chroí-chaidreamh i gceartlár chóras caipitleach an táirgthe eacnamaíochta. Ag míniú an riachtanais le nóisean na streachailt aicmí a ghlaoch, thug James Connolly faoi deara:

‘Tá curtha i leith sóisialaithe i gcónaí go bhfuil muid ag iarraidh drochintinn a chruthú, streachailt aicmeach a dhéanamh, ‘aicme a chur in aghaidh aicme’. Déanta na fírinne, níl muid ach ag taispeáint é sin atá ann cheana, ag anailísiú na n-institiúidí polaitíochta agus tionsclaíochta faoina maireann muid agus ag tabhairt suntais do na fórsaí a tháirgeann iad in aon ré áirithe. Is é toradh riachtanach ár n-anailíse fáil amach gur í bunús na sochaí féin í an streachailt idir dhá aicme, an tiarna talún agus caipitíl ar leo na modhanna táirgthe go léir, agus an aicme gan sealúchas a bhfuil cead acu na modhanna beatha seo a úsáid agus a oibriú nuair a oireann sé do chaothúlacht nó leas na haicme eile ligint dóibh.’

D’fhorbair an caipitleachas de bharr athruithe sa dóigh a tháirg daoine a modhanna maireachtála ar fud na staire. Ba cor cinniúnach sa stair sin teacht na gcóras eacnamaíochta a tháirg barrachas earraí thairis sin a bhí de dhíth chun riaradh ar na riachtanais ba bhunúsaí, agus gabháil smacht an bharrachais seo ag mionlach. Tá táirgeadh barrachais agus a shealbhú ag mionlach mar ghné shainiúil de gach córas eacnamaíochta aicme-bhunaithe a tháinig ina dhiaidh.

I sochaí sclábhaíochta, ní raibh smacht ag sclábhaí ar an rud a tháirg siad mar ba lena rialtóirí an sclábhaí agus d’oibrigh siad le riaradh ar riachtanais a rialtóra. I sochaí fheodach, b’éigean do na seirfigh oibre gan phá a dheánamh don tiarna áitúil díreach chun rochtain ar an talamh a choinneáil, a bhí de dhíth ar an seirfeach chun bia agus éadaí a tháirgeadh.

Ó dheireadh na 18ú hAoise, thosaigh an réabhlóid thionsclaíoch ag athrú phróisis tháirgthe, ag cruthú leibhéil saibhris nár samhlaíodh roimhe. Tháinig sé ag ardchostas do thuataigh a bhí beo ar an talamh áfach. Rinneadh imfhálú agus príobháidiú foréigneach ar choimíní, ina dtáirg tuataigh a modhanna maireachtála. Tiomáineadh na tuataigh den talamh agus isteach i saothar pá

sna cathracha. Bhog táirgeadh ó thalamh agus ó bhaile chuig an mhonarcha agus d'fhorbair tacar nua de chaidrimh shóisialta. Bhí saothar daonna anois ina thráchtarra; le maireachtáil, bhí ar oibrithe a gcumhacht saothair a dhíol. Bhí tuarastail níos ísle ná leibhéil chothaithe agus b'éigean d'oibrithe cónaí sna coinníollacha ab uafásaí sna cathracha nua a bhí ag forbairt.

Is sampla den éagóir bhunúsach ag ceartlár an chórais seo gur amhlaidh go bhfuair na daoine a chruthaigh an saibhreas beagán tairbhe ón saibhreas sin, cé go raibh leibhéil ollmhóra saibhris á dtáirgeadh, sa mhéid is nach raibh riaradh déanta ar a riachtanais ba bhunúsaí ar bhonn sásúil agus inbhuanaithe. Ghabh úinéirí saibhre na monarchana an barrachas saibhris a tháirg na hoibrithe i bhfoirm brabús. Bhí smacht ag mionlach beag den tsochaí ar na modhanna táirgthe: talamh, monarcha agus innill. Mar a thug Marx faoi deara:

'Scríosadh mhaoin na heaglaise, aistriú seilbhe thiarnas an stáit go calaoiseach, goid na gcoimíní, forlámhas maoiní fine agus feodaí agus a haistriú ina maoin phríobháideach faoi chúinsí sceimhlitheoireachta gan trua, ní raibh sna rudaí seo ach modhanna idileacha de thiomsú seanársa. Chloígh siad an pháirc ar mhaithe le talmhaíocht chaipitleach, rinne an ithir ina caipiteal, agus chruthaigh do na tionscail uirbeacha na soláthairtí riachtanacha de phrólatáirigh shaora agus gan chearta.'

An Caipitleachas agus Táirgeadh Tráchtarraí

Faoi bhun an chórais aicmigh chaipitiligh tá loighic agus cruálacht a dheachtaíonn go gcaithfear féachaint ar gach rud i dtéarmaí a luach mar thráchtarra – luacháiltear agus meastar gach rud de réir an phraghais a dhíolfaí dó. Is é bunús an chórais seo táirgeadh an 'bharrachais mhaoine' – cruthaithe trí úsáid 'shaothar phá'. Tá an caipitleachais cliniciúil sa tóir ar chuspóir s'aige, táirgeadh saibhris, an oiread sin go bhféachtar ar na daoine a oibríonn sa phróiseas táirgthe mar thráchtarraí óna bhfaightear brabús.

Tá an streachailt aicmeach láraithe go bunúsach ar an streachailt um smacht ar an bharrachas maoiní a chruthaigh an lucht oibre – dá mhéad a choinníonn oibrithe de tháirgeadh a shaothair, is lú is féidir le lucht an rachmais coinneáil dóibh féin, agus a mhalairt de dhóigh. Faoi chaipitleachas áfach, tá rialacha an chluiche cóirithe chun go dtig le lucht an rachmais, mar 'úinéirí' caipitil agus mar fhóistoirí an lucht oibre, níos mó den mhaoin a choinneáil ná na hoibrithe féin.

Deir crainn chosanta an oird dhomhanda reatha gur é an caipitleachas an t-aon chóras a 'oibríonn'. Is é an fhírinne go 'n-oibríonn' an córas eacnamaíoch caipitleach díreach ar son leas mhionlaigh: iadsan a fhéachann le níos mó agus níos mó méideanna tairbheacha caipitil trí leibhéil 'táirgiúlachta' níos pianmhara i gcónaí a bhrú as an oibrí. Déantar seo chun go bhféadtaí brabús a infheistiú, ní ar mhaithe leis an tsochaí, ach ar mhaithe leis an chaipitil a choinneáil chun cinn ar a (h)iomaitheoirí, leis sin ag méadú brabús le teacht, tionchar sóisialta agus cumhachta.

Ní táirgeadh caipitleach bunaithe ar mhachnamh ar fhíor-riachtanais shóisialta dhaoine; ina áit, táirgtear tráchtarraí ar bhealach atá dochrach go sóisialta sa

deireadh mar tá an geilleagar neamhphleanáilte faoin chaipitleachas. Infheistíonn caipitlithe, ní ar bhealach ordúil ná meáite, ach sa réimsí sin amháin a chreideann siad go bhfuil féidearthacht déanta brabúis iontu. Ar na fadhbanna is bunúsaí agus dosheachanta atá ag an chaipitleachas, baineann olltáirgeadh neamhphleanáilte earraí pointe amach nuair a tháirgtear an méid sin nach bhfuil go leor daoine ann le hairgead i riocht iomlán na n-earraí a cheannach.

Tagann scéal as seo ina bhfágtar iomarcach oibrithe sna tionscail 'rótháirgiúla', ag ísliú fós a n-ábaltacht íoc as na hearraí go léir a tháirgtear sa tsochaí. Go tapaidh, téann an geilleagar i mbís síos – tamall gairid roimhe, bhí an córas i reacht seoil ag táirgeadh tráchtearraí, anois tá sé ar stad. Forbraíonn suíomh go gasta ina bhfuil líon daoine atá ag méadú gan poist ná airgead le híoc as na rudaí atá de dhíth orthu ag an am chéanna a bhfuil méid doshamhlaithe earraí stoc-charntha, diúltaithe do na daoine céanna a tháirg iad. Is buan an toradh, réabadh millteach sa chóras eacnamaíoch agus i saolta na ndaoine atá ag brath ar fhostaíocht agus ar shaothar pá le maireachtáil.

Ag scríobh in 1997, agus an borradh domhanda ina airde, thug Ahmed Sahwki alaghráf den mhéid a tharlaíonn rótháirgeadh meargánta earraí príobháideacha ar mhaithe le brabús faoin chaipitleachas. I dtréimhse nuair a bhí ar na billiúin daoine dul gan go leor bia, uisce, éadaí ná iompar, scríobh sé faoin dóigh sa bhliain sin:

'Rinne an tSín milliún léine fear in aghaidh an lae, ag dul leis an rófhlúirse atá i dtuaisce i stóir cheana féin. Bhí 10 milliún uaireadóir, 20 milliún rothar breise, agus 100,000 gluaisteáin agus feithiclí eile stoc-charntha freisin.'

Córas Domhanda Dúshaothraithe

Tá na daoine a choinníonn forghabháil limistéar na Sé Chondae agus lucht rachmais na hÉireann araon mar chuid de chóras domhanda níos leithne de bhrabúsaithe agus creachadóirí. Tá siad freagrach as cruthú agus cothú domhain atá níos polaraithe go heacnamúil agus go sóisialta ná ag tréimhse ar bith sa stair. Is fíor-scafárach fás na héagothroime domhanda. Cuireann na próisis ag ceartlár an chórais chaipitligh taca faoi shuíomh ina bhfuil an cine daonna ina iomláine idir dhá cheann na meá go neamhchinnte. Go domhanda, táthar ag dúil le tubaistí sóisialta, timpeallachta agus eacnamaíochta ag éirígí níos minice agus níos contúirtí, chomh hollmhór sin go gcuireann siad todhchaí an chine dhaonna i mbaol.

Is é gnóthú airgid cuspóir an chaipitleachas ar deireadh thiar, rud ar é foinse bhunaidh na cumhachta sóisialta faoin chóras chaipitleach. Leis an chomhartha is cosnóchta a thabhairt d'ollmhéid na maoinne a rinne lucht an rachmais trí dhúshaothrú dhaoine eile, mheas liosta 400 Forbes comhshaibhreas na ceithre chéad billiúnaithe ba shaibhre i Meiriceá Thuaidh a bheith \$1.54 trilliún (nó \$1,540 billiún) in 2007.

Mar chuid den phróiseas lena leithéid de shaibhreas a tháirgeadh agus a chur i mbeagán lámha, tá coimhthiú, brúidiú agus bochtú na mbilliún daoine ar fud an

domhain. Cuireann na Tuairiscí Forbartha Daonna, foilsithe ag na Náisiúin Aontaithe, chun suntais go seasta dianseasmhacht an bhochtanaís agus éagothroime domhanda. Faoi láthair, tá 1.2 billiún duine ag streachailt le maireachtáil ar US\$1 sa lá (tá sin ar chomhbhrí lena gceannódh dollar amháin i SAM, ní nuair a aistrítear é go hairgeadra eile). Ag an am chéanna, tá sócmhainní na 200 duine is saibhre ar domhan níos mó ná comhioncam breis ag 40 faoin chéad den chine daonna.

Is leor sracfhéachaint ar staid an domhain i mblianta tosaigh na 21ú hAoise le léargas a thabhairt ar an ainriocht a bhfuil an cine daonna. Is alagraf na staitisticí a leanann ar an chineál coinníollacha nach mór do na billiún daoine fulaingt go domhanda:

- Faigheann 900,000 páiste faoi aois a cúig bás gach mí de ghalair atá ineachanta go furasta.
- Níl teacht ag 1,000,000,000 duine ar uisce óil glan.
- Níl teacht ag 1,600,000,000 duine ar leictreachas.
- Níl teacht ag 2,500,000,000 duine ar shláintíocht bhunúsach.
- Maireann 3,000,000,000 duine ar níos lú ná €2 sa lá.

Is fíric dosheachanta é go bhfuil an lorg dóshásaithe ar shuibhreas ag ceartlár an chórais chaipitligh mar phríomhfhoinsé an anó agus bhochtanaís rófhóir atá os comhair tromlach na ndaoine ar fud an domhain. Arís eile, bréagnaíonn an réaltacht seo an nóisean go ‘n-oibríonn an caipitleachas’.

D’ainneoin leibhéil uafásacha an bhochtanaís agus fulaingthe ar fud an domhain, úsáideann na mórchumhachtaí caipitleacha institiúidí ar nós an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus an Bhainc Dhomhanda mar uirlis breise le cinntiú go ndéantar éascaíocht do na margaí airgeadais domhanda agus corparáidí príobháideacha maidir le saothrú acmhainní an domhain. Baintear seo amach trí bhearta ar nós na ‘gClár Coigeartaithe Struchtúrach’ a chur ar thíortha a bhfuil na hinstiúidí seo in ainm a bheith ag cuidiú. Mar chuid de na cláir déine seo, mar a deirtear leo, bíonn giorruithe géara i gcaiteachas poiblí, dírialáil agus príobháidíú shócmhainní stáit agus sheirbhís poiblí, mar sin ag brú na milliún daoine níos doimhne sa bhochtanas. Tá léirscríos forchurtha choinníollacha sóisialta na n-oibríthe sa Ghréig mar an sampla is déanaí de shamhail seo na ‘déine’ agus an ‘choigeartaithe struchtúraigh’ i bhfeidhm.

Caipitleachas, Géarchéim agus Nualibrálachas

Tugann timthriallta athfhillteacha borradh agus cliseadh fianaise shoiléir de nádúr claonta chun géarchéime an chaipitleachais. Is iomaí uair a bhí muid anseo roimhe. Níl aon rud nua ar ndóigh sa ghéarchéim chaipitleach reatha, an cheann is géara ó bhí na 1930í ann. Bhí géarchéim struchtúrach don chaipitleachas mar thoradh ar ghéarchéim ola na luath-1970í agus na rátaí meathlaithe brabús sa tréimhse seo. Agus caipiteal ag lorg margaí nua le infheistiú iontu, tháinig nualibrálachas, roimhe sin fealsúnacht pholaitiúil imeallach, amach mar shlánaitheoir an chaipitleachais; ag oscailt le luamhán margaí nua domhanda d’amhantraíocht airgeadúil.

Baineadh amach na coinníollacha do bhailiú caipitil sa todhchaí trí shraith bearta a tugtar Comhdhearcadh Washington uirthi, a bhí bunaithe ar smacht fíoscach, infheistíocht díreach eachtrach, liobrálú airgeadúil, príobháidí, dírialáil agus liobrálú trádála. Le teacht i gcumhacht Margaret Thatcher sa Bhreatain agus Ronald Reagan sna Stáit Aontaithe, talmhaíodh an nualibrálachas ar fud an domhain shaibhir agus chuir sé an gléas idé-eolaíoch ar fáil chun eagrú na gceardchumann a bhriseadh, tuarastail a thiomáint síos, an stát leasa a bhaint anuas agus cogadh a chur ar an lucht oibre. Taobh le díoladh shócmhainní poiblí agus tabhairt isteach bhrostú cánach fial d'infheisteoirí príobháideacha, chruthaigh an stát nualibrálach na coinníollacha do bhabhta nua de charnadh caipitil agus leathnú dosheachanta na héagothroime.

Tháinig patrún domhanda dí-thionsclaithe amach sna luath-1970í agus mar thoradh air seo bhí meath suntasach i dtionscail thraidisiúnta sna Sé Chondae, tógáil long, innealtóireacht agus teicstílí go háirithe, agus bhí meath cosúil i ndéantúsaíocht sna Sé Chondae Fichead. Chonaic na 1980í ardú drámata sa ráta dífhostaíochta trasna na hÉireann, ag tabhairt leis iarmharta sóisialta troma do phobail lucht oibre. Thosaigh an ghéarchéim drugaí sa tréimhse seo, rud a bhfuil tionchar millteach fós aige ar phobail lucht oibre trasna na hÉireann.

Borradh, Bolgán agus Cliseadh

Bhí oscailt gheilleagar na Sé Chondae Fichead do thuilleadh chaipitil eachtraigh, airgeadaíthe, amhantraíthe agus forbróirí sna luath-1990í lárnach do fhorbairt gheilleagar an Tíogair Cheiltigh, mar a deirtear leis. Faoi na lár-1990í, bhí leibhéil bhuaice fháis ag geilleagar na Sé Chondae Fichead, 4.7 faoin chéad ar meán ar fud na tréimhse. Tógadh an geilleagar ar infheistíocht dhíreach eachtrach, a mealladh le ráta cánach corparáide fíor-íseal 12.5 faoin chéad. Lig an córas cánach seo d'ílnáisiúntaigh brabús a mhaíomh sna Sé Chondae Fichead a rinneadh in áit eile i bhfírinne, agus sheachain siad na rátaí cánach corparáide níos airde sna Stáit Aontaithe, áit ina raibh cuid mhaith de na comhlachtaí seo bunaithe.

D'éascaigh rialtais Átha Cliath i ndiaidh a chéile amhantraíocht talún agus forbairt réadmhaoine do chaipitlithe dúchasacha. Tugadh sraith bhearta isteach, buntáistí cánach Alt 23 agus Alt 25 do fhorbróirí san áireamh, agus leathadh cáin ghnóthachan caipitiúil ó 40 faoin chéad go 20 faoin chéad. Fós míshásta leis seo, thug Fianna Fáil isteach bearta a lig do chaipitlithe saibhre stádas dheoraí cánach a mhaíomh a fhad is gur chónaigh siad taobh amuigh den stát do 183 lá sa bhliain. Mar sin, taobh le hearnáil airgeadúil iomlán dírialáilte, chuir an 'Tíogar Ceilteach' bronntanas brabúis don lucht rachmais.

Cé gur thug an 'Tíogar Ceilteach' amhantar brabúis don lucht rachmais, ní raibh na daoine a bhraith ar sheirbhísí poiblí páirteach sa bhorradh. Ba é 30 faoin chéad an fáltas cánach iomlán sna Sé Chondae Fichead, i gcomparáid le meán 40 faoin chéad san Aontas Eorpach. Lena leithéid de gheilleagar cánach ísil, níor tháinig infheistíocht i seirbhísí poiblí leis an fhás shamhalta sa gheilleagar. In 2007, an bhliain roimh chliseadh an gheilleagair, ní raibh caiteachas rialtas Átha Cliath mar chéatadán de OTI ach 26.2 faoin chéad. Ba mhó a mhothaigh na daoine ba mhó ag brath ar sheirbhísí poiblí an tionchar.

Dhíol ceannasaíocht na gceardchumann, ar dhúil leo spás a choinneáil ag tábla na comhpháirtíochta sóisialta, dhíol siad ‘sian ar phá’ leis na hoibrithe, agus cánacha níos ísle ina chúiteamh sin. Ach, cé gur laghdaíodh cáin dhíreach ar thuarastail, níor ardaigh tuarastail ag an ráta chéanna le brabúis. Lena chois sin, cuireadh roinnt bhreise agus mhéadaithe ‘cánacha faoi choim’ os comhair oibrithe, cosúil le táillí bailithe dramhaíola, táillí oidis agus dhochtúra ghinearálta phríobháidigh, árachas leighis, costais chúram leanaí príobháidigh agus táillí bhóithre dola – a cuireadh chun an droch-infheistiú i seirbhísí poiblí a thabhairt isteach.

Ba é fírinne ré an Tíogair Cheiltigh gur thug oibrithe fóirdheontas do bhuntáistí cánach don lucht rachmais agus iad ag fulaingt sholáthar laghdaithe sheirbhísí poiblí, rí-shoiléir sa chóras chúram sláinte dhá shraith. Ag an am chéanna, chruthaigh infhaighteacht chreidmheasa saora, i gcosúlacht, agus fonn na mbanc an bolgán creidmheasa agus margadh réadmhaoine a chothú, chruthaigh sin seachmall an rathúnais. Thit an seachmall sin ina phleist áfach leis an chúlú eacnamaíoch.

Tá tuiscint ar na meicníochtaí ag croí an chaipitleachais ina heochair le tuiscint cén dóigh ar féidir le geilleagar dul ó ‘Thíogar Ceilteach’ go ‘Tromluí Ceilteach’ beagnach thar oíche. Tá sí ina heochair do thimthriall borradh, bolgán agus cliseadh an chaipitleachais a mhíniú, agus don neamhsheasmhacht shóisialta agus eacnamaíochta, bunghné an chaipitleachais, a thuiscint. An rud is tábhachtaí don lucht oibre, tá tuiscint ar an dóigh a oibríonn an córas riachtanach le tuiscint cén dóigh ar féidir oibrithe a chuileáil agus a chur ar na scuainí dóil.

Faoi chontrárthachtaí an chórais seo, tá gach rud a raibh cuma sheasmhach air anois scriosta. Nochtar mar sheachmaill na dul chun cinn choibhneasta a rinne oibrithe faoi thréimhsí borrrha caipitleachais. Tarlaíonn dífhostaíocht, tuilleadh laghdaithe tuarastal agus méadú i mbochtú an lucht oibre ag an am chéanna ina bhfuil níos mó agus níos mó saibhris á bhailiú i níos lú agus níos lú lámh. Idir an dá linn, diúltaítear rochtain do níos mó agus níos mó daoine ar an róflúirse earraí ábharacha, de bhreis ar an mhéid atá de dhíth chun gach duine ar domhan a dhéanamh slán go hábhartha.

Téann géarú na héagothroime idir na tíortha saibhre agus bochta a fhad leis an timpeallacht bheo chomh maith. Tá an córas caipitleach freagrach as scriosadh agus truailliú na timpealleachta domhanda, agus tomhaltas síorardaitheach acmhainní neamh-in-athnuaithe sa domhan saibhir ag tabhairt ardú teochta agus truailliú forleathan an aeir, na n-aibhneacha agus na n-aigéan. Ach tá athrú aeráide domhanda ag cur drochanáil faoi dhaoine i dtíortha na boichte, a thomhlaíonn i bhfad níos lú acmhainní neamh-in-athnuaithe.

Sa deireadh, is féidir go bhféachfaidh dúchas amplach chaidreamh an chaipitleachais leis an nádúr chuige go dtarlaíonn an tragóid dhaonna dheiridh .i. imeacht in éag. Tá iarmharta ardú sa teocht domhanda do na daoine i dtíortha níos boichte soiléir go tragóideach: leibhéil ardaithe tuillte agus triomaigh araon, agus tuilleadh ghanntanas bia agus uisce mar thoradh. Tá na milliúin daoine i dtíortha bochta ag fáil báis chun go dtig leis an chaipitleachas

maireachtáil; ciallaíonn dúshaothrú eacnamúil nach soláthraítear na hacmhainní atá de dhíth le tionchar na dtubaistí nádúrtha seo a chúiteamh.

Is é seo, mar sin, oidhrecht na gcéadta bliain den chaipitleachas: córas foghlach ina bhailíonn lucht an airgid a shaibhreas ó shaothar an lucht oibre. Is córas é nach n-oibríonn ach ar mhaithe le mionlach. Is treascrach an fhianaise go bhfuil an caipitleachas domhanda ina thubaiste do fhormhór mór an chine dhaonna a shaothraíonn agus a fhulaingíonn faoina ualach. Ní mór córas sóisialta malartach a thógáil ina mbeidh na daoine ina máistrí agus ní na corrlaigh bhrabúis.

Cuid II

An Sóisialachas – An tAon Mhalairt Inmharthana

Agus oibrithe agus pobail ar fud an domhain fós ag fulaingt thorthaí treascracha na titime eacnamaíochta is déanaí, tá contrárthacht an chaipitleachais do leas an lucht oibre tugtha chun léire. San anailís dheiridh, deimhníonn gach rud faoin mhodh táirgthe caipitleach agus an cineál caidreamh sóisialta atá ann faoin chóras seo go bhfuil sé glan in aghaidh nóisean an dul chun cinn. Chaomhnaigh agus thacaigh an bhunaíocht pholaitiúil trasna na hÉireann le córas caipitleach a bhfuil géarú na héagothroime sa dá stát mar thoradh air. Ní dharna cúlú rialtas na Breataine ó na Sé Chondae Ficead in 1922, ná an dílárú lán-fhógartha sna Sé Chondae le déanaí, ní dharna ceachtar acu difear ábhartha do shaolta an lucht oibre.

Fónann athrú polaitiúil, in éagmais athrú bunúsach agus daonlathach in eagrú eacnamúil na sochaí, chun difríochtaí aicme agus cumhachta a choinneáil. Dearbhaíonn an fhianaise ó bhí críochdheighilt na hÉireann ann an fíric sin. Chuir rialtais Átha Cliath i ndiaidh a chéile, ó bhunú an tSaorstáit in 1922, chuir siad leas mionlaigh thar leas an tromlaigh, cruthú dearfa dá mbeadh sé de dhíth ar éileamh an Chonghailigh go gcríochnaíonn malartú bratacha agus airm na Breataine do chinn Éireannacha in éagmais bhunú Poblachta Sóisialaí le leanúint an fhorcheannais aicmigh.

Ach, ba dhúil don bhunaíocht pholaitíocht go gcreidfeadh daoine nach bhfuil aon mhalairt ann. Gan malairt ar dhífhostaíocht. Gan malairt ar ghiorruithe i dtuarastal. Gan malairt ar na bainc a bhannú. Gan malairt ar chiorruithe i seirbhísí poiblí. Gan malairt ar phríobháidíú. Gan malairt ar bhochtanas ná ar éagothroime. An ‘freagra’ a thugann an bhunaíocht pholaitiúil in Éirinn ar an ghéarchéim chaipitleach ná miosúr níos láidre de na polasaithe nualioibrálacha a rinne slad ar oibrithe agus a bpobail cheana féin. Chuir an dá riarachán polaitiúil in Éirinn tús le ciorruithe fiáine i seirbhísí poiblí in iarracht chun córas caipitleach teipthe a shábháil. Arís eile, caithfear na bochtáin íoc as saint lucht an rachmais.

Ach tá malairt ann, ceann ina bhfuil na daoine, ní brabús, ina máistrí. Is é an sóisialachas an mhalairt sin.

Sóisialachas: Fuascailt Chách

Is fealsúnacht é an Sóisialachas ar eagrú polaitiúil, sóisialta agus eacnamúil a bhfuil ina bhunús do fhuascailt an uile phobal. Cé go bhfuil éagothroime agus dúshaothrú mar thorthaí ar an chaipitleachas, tairiscíonn an sóisialachas an t-aon dóchas go gcuirfear i ngníomh sochaí bunaithe ar phrionsabail na saoirse, cothroime agus dlúthpháirtíochta. Tugann na féidearthachtaí dúchasacha sa sóisialachas réabhlóideach bealach dúinn samhlú cén dóigh a shábhálfaí an cine daonna ó éifeachtaí na ngéarchéimeanna timthriallacha sóisialta agus polaitíochta a dhéanann léigear ar an tsochaí faoin chaipitleachas.

Nuair a mhaíonn éirígí gur páirtí poblachtach atá ann, déantar sin de bhrí gurbh

é Poblacht na hÉireann a fógraíodh in 1916 a d'fhorógair ceart na muintire ar shealbh na hÉireann agus ar riaradh ceannasach, dochloíte, gan cheangal chinniúna na hÉireann. Nuair a mhaíonn éirígí gur páirtí poblachtach atá ann déanann sé amhlaidh mar go mbaineann ciall as sealbh na hÉireann ag muintir na hÉireann mar shealbh na hÉireann ag an tromlach oibre, ar féidir leo siúd amháin na coinníollacha eacnamaíochta, a bhfuil riachtanach le freastal ar riachtanais na ndaoine go léir a chónaíonn san oileán bheag seo, a tháirg agus a choimeád.

Aontaíonn muid le Pádraig Mac Piarais ina dhearbhuí nach bhfuil *'ceart seilbhe fóna in aghaidh leas coiteann na ndaoine'*. Lena chois sin, tacaíonn éirígí leis an seasamh a leagadh amach i gClár Oibre Poblacánaighe 1919, a dhearbhaigh go bhfuil ceart ag muintir na hÉireann go mbeadh *'adhbhar maoine na hÉireann fé riaradh an náisiúin, idir talamh agus gustal na hÉireann, gach sadhas maoine agus gach gléas chun maoin do sholáthairt dá bhfuil san tír'*. Deir muid mar sin go n-éilíonn an nóisean poblachtach maidir le sealbh maoine agus próisis dhéanta maoine an náisiúin go mbeidh gach acmhainn nádúrtha, talamh a tháirgeann maoin, banc, mórtionscal agus líonra cumarsáide agus iompair faoi chomhcheannas mhuintir na hÉireann.

Smacht Daonlathach ar Phróisis Tháirgiúla

Níl ciall le caint faoin 'daonlathas' in éagmais smachta daonlathaigh ar na próisis táirgiúla eacnamaíochta. Tá an coinníoll seo bunúsach do bhunú córais ar féidir leis freastal ar riachtanais lucht oibre. Taobhaíonn éirígí go bunúsach le tuiscint James Connolly gur sainmhínítear an sóisialachas mar *'úinéireacht ag an Stát ar an talamh ar fad agus na hábhair le haghaidh saothair, le chéile le smacht comhoibrítheach na n-oibríthe ar an talamh agus na hábhair úd'*. Is é córas le smacht daonlathach ag an fhormhór oibre ar na próisis tháirgiúla, i ngeilleagar atá pleanáilte go daonlathach, an t-aon chóras a chinnteodh forbairt eacnamúil inbhuanaithe agus na hacmhainní atá de dhíth go soláthródh an tsochaí do riachtanas iomlán a muintire. Caithfear maoin an náisiúin a úsáid ar mhaithe le cothú agus forbairt an náisiúin.

Is bunchoinníollacha don sóisialachas iad smacht poiblí ar gach maoin agus próiseas déanta maoine chomh maith le smacht daonlathach an lucht oibre. Tá bunú sochaí bunaithe ar phrionsabail an cheannais, daonlathais, saoirse, ceartais, cothroime, pobail agus dlúthpháirtíochta idirnáisiúnta dodhéanta mura bhfuil daonlathas eacnamaíochta sa tsochaí. Tá sé dodhéanta ar fad go mbeadh baincéireacht phríobháideach, stocmhalartáin agus corparáidí árachais ann gach dúshaothrú an lucht oibre. Níl sé indéanta ach oiread d'institiúidí an chaipitil phríobháidigh creatlach diongbháilte eacnamaíochta agus sóisialta a chruthú ina bhfuil dul chun cinn an chine dhaonna os cionn gach ní.

Léirigh an cliseadh eacnamúil domhanda go lom nach n-oibríonn baincéireacht phríobháideach do bhrabús ar leas an tromlaigh sa tsochaí. Is córas é le fócas aonarach ar infheistiú spéacláireach agus 'luach scairshealbhóra'. Creideann éirígí go bhfuil smacht stáit agus oibríthe ar an chóras baincéireachta riachtanach do phleanáil dhaonlathach an gheilleagair agus do fhorbairt shochaí a fheidhmíonn ar mhaithe lena muintir, ní ar mhaithe le brabús príobháideach.

Ag Athshealbhú an Choimín – Geilleagar don Phobal

Chonaic ‘imfhálú an choimín’, a bhí lánach do fhorbairt an chórais chaipitligh, chonaic sé chuig glacadh seilbhe ar thalaimh chomhchoitianta, ag diúltú rochtain ar an choimín agus ag brú na dtuatach chun a gcumhacht saothair a dhíol leis an lucht rachmais le maireachtáil. Níor chríochnaigh an próiseas carntha seo le himfhálú an choimín agus tráchtearrú saothair áfach. Is próiseas leanúnach é ‘imfhálú’ an fhearainn phoiblí, a bhrostaigh faoin nualibrálachas agus a dhá chrann taca – príobháidiú agus liobrálú margaí. Leathnaíodh gadaíocht aicmeach, i bhfoirm ghlacadh seilbhe ar thalamh agus ar chumhacht saothair, leathnaíodh sin chun mianraí, soláthar fuinnimh, seirbhísí poiblí, uisce, líonraí cumarsáide agus iompair, eolas agus fiú beathachruthanna a chuimsiú. Creachadh iad go léir ar mhaithe le brabús príobháideach.

Cosúil leis an uile gheilleagar caipitleach, tá maoin agus acmhainní déanta maoin na hÉireann faoi sheilbh agus smacht líon daoine agus chorparáidí intíre agus ilnáisiúnta. Tá smacht ag ciorcal órga saordha ar earnáil airgeadais na hÉireann, a bainc, comhlachtaí árachais agus stochbhróicéireachtaí ina measc, ciorcal a dhéanann saibhreas pearsanta ollmhór ach an chuid eile den daonra bheith thíos leis. Tá acmhainní mianraí agus hidreacarbóin an tíre i seilbh agus á saothrú ag corparáidí príobháideacha ar nós Shell agus Boliden. Tá acmhainn shaibhir talmhaíochta agus iascaireachta na hÉireann diomailte go pointe a millte, le táirgeadh agus lamhálacha anois socraithe ag dornán de fhomhóirigh ollmhargaí ar nós Tesco agus Dunnes Stores.

Tá earnálacha cógaisíochta agus faisnéise & teicneolaíochta ag brath beagnach go hiomlán ar theidhe dhornán de chorparáidí lonnaithe sna Stáit Aontaithe ar nós Pfizer, Hewlett Packard agus Intel. Tá go leor den taighde agus eolas a fhorbraítear in ollscoileanna na hÉireann i seilbh agus paitinnithe ag na hionáisiúntaigh seo. Tá athshealbhú na n-acmhainní seo ag an lucht oibre ina réamhriachtanas do fhorbairt gheilleagair dhaonlathaigh agus shóisialaigh.

Ba chóir go mbeadh todhchaí eacnamúil na hÉireann tógtha ar shaothrú inbhuanaithe a hacmhainní nádúrtha domhain, ar athbheochan a hearnálacha tógála, déantúsaíochta, bia agus seirbhíse, agus ar fhorbairt nascanna trádála cothroma le tíortha eile. Lena daonra óg, oilte agus flúirse shaibhris eacnamúil réadach agus fhéideartha, tá Éire suite go maith chun geilleagar sóisialach, faoi smacht oibrithe, bríomhar, diombháilte, nua a chruthú.

D’fhreastalódh a leithéid de gheilleagar ar leas an phobail: ag soláthar lán-fhostaíochta agus tuarastal maireachtála cinntithe, oideachas, tithíocht, iompar poiblí agus cúram sláinte den scoth, timpeallacht ghlan agus shlán agus cuid chothrom maoin.

I ngeilleagar sóisialach, daonlathach, bheadh gach acmhainn nádúrtha, talamh a tháirgeann maoin, banc, mórthionscal agus líonra cumarsáide agus iompair faoi chomhcheannas mhuintir na hÉireann, agus an mhórchuid de ghníomhaíocht eacnamaíochta cruinnithe i ngníomhaireachtaí stáit agus stát-tionscanta, ag obair taobh le fiontraíochtaí sóisialta agus comharchumainn faoi smacht oibrithe. Nuair a chuirtear é le córas cánach forchéimnitheach, an

toradh a thiocfadh ar an tsamhail eacnamaíochta seo, thar am, ná creimeadh céimseach seanchórais aicmigh na hÉireann, agus poblacht a bheadh ‘chomh ceanúil céanna ar chlann uile an náisiúin’ i ndáiríre mar thoradh air.

An Earnáil Airgeadais

Tá earnáil airgeadais dhiongbháilte de dhíth ar gach geilleagar chun go bhfónann baincéireacht, árachas agus seirbhísí airgeadúla eile mar ardán ar a thógtar an chuid eile den gheilleagar. Thaispeáin an léirscríos a rinne an ghéarchéim airgeadais reatha go soiléir contúirtí eacnamaíochta agus sóisialta an gheilleagair atá ag brath ar airgeadaithe príobháideacha amháin. Chun go bhfeidhmeodh geilleagar ar bhealach daonlathach, ní mór go mbeadh an earnáil airgeadais faoi smacht poiblí.

Sa chóras chaipitleach, tá an earnáil airgeadais faoi smacht scothaicme shaibhir atá spreagtha ag brabús amháin. Cruthaíonn seo córas atá neamhphleanáilte, anordúil agus neamhsheasmhach de réir dúchais, a bhfuil claonta chun cliseadh timthriallach. I gcodarsnacht, bheadh buanseasmhacht agus pleanáil fhadtréimhseach mar shaintréithe ag earnáil airgeadais faoi smacht poiblí, spreagtha ag cúrsaí níos leithne na sochaí.

Sholáthródh airgeadais faoi sheilbh agus smacht poiblí creidmheas ag rátaí ísle úis agus árachas saor, chomh maith le spás siúrálte dóibh siúd ar mhaith leo a n-airgead a sábháil nó cistí pinsean a thaisceadh. Bheadh a leithéid de chóras airgeadais á riaradh go hoscailte agus go daonlathach ar mhaithe leis an tsochaí ar fad, ag cur deireadh le cultúr dúrúnda an chórais airgeadais phríobháidigh reatha.

Tá sampla oibríoch de fhóirdheonú daonlathach faoi smacht pobail ann cheana i bhfoirm an líonra leathain de chomhar creidmheasa atá ann ar fud na hÉireann. Is féidir an mhionsamhail a leathnú go héasca chun seirbhísí airgeadais a sholáthar ar nós creidmheas do chomharchumainn oibrithe agus iasachtaí le haghaidh tithe príobháideacha. D’fhéadfadh bainc stáit, comhlachtaí árachais stáit agus insititiúidí airgeadais daonlathacha eile seirbhísí airgeadais eile a sholáthar.

Tógáil, Déantúsaíocht agus Seirbhísí

Le 20 bliain anuas, d’fhorbair geilleagar na hÉireann ar bhealach neamhbhuan agus míchothrom, ag éirí in iomarca i dtuilleamaí amhantraíochta réadmhaoine agus infheistíochta díri eachtraí. Bhí an borradh tógála ar na mallaibh bunaithe mhargadh réadmhaoine neamhinbhuanaithe, a chonaic praghasanna ag ardú go tapaidh sular chlis siad go mórthaibhseach.

Ba thionchar tanáisteach den bholgán réadmhaoine é fás ollmhór i ngníomhaíochtaí bainte le réadmhaoine ar nós ghníomhaireachtaí eastáit, amhantraíocht réadmhaoine, baincéireacht agus seirbhísí airgeadais eile. Ag buaic an bhorrtha, bhí suas le ceathrú den fhostaíocht agus ghníomhaíocht eacnamúil ar fad sa Sé Chonrae Ficead ceangailte le tógáil agus leis an mhargadh réadmhaoine. Tá baois an scéil seo nochta go hiomlán anois, ag costas ollmhór do náisiún iomlán na hÉireann.

Rinne na réimis sna Sé agus Se Chondae Fichead araon tosaíocht d'infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh lena ngeilleagair féin a fhás, chun aimhleasa beagnach gach cineál fhorbairt tionsclaíochta eile. Soláthraíodh fóirdheontais stáit ollmhóra d'ilnáisiúntaigh eachtrannacha le lonnú in Éirinn, tugadh rochtain ar lucht oibre óg agus oilte ar fud na hÉireann dóibh, agus sna Sé Chondae Fichead bhain siad tairbhe as ceann de na rátaí cánach corparáide is ísle san Eoraip.

Cé go gcuireann na hilmnáisiúntaigh seo poist ar fáil, tá cuid mhaith acu ar phá íseal. Diúltaíonn formhór mór na gcomhlachtaí seo ceardchumainn a aithint agus cuireann siad an mhórchuid dá mbrabús ar aid chuig a dtíortha dúchais. Chuir láithreach na gcomhlachtaí seo an ráta fáis sna Sé Chondae Fichead as a riocht, mar gur aistríodh brabúis a rinneadh in áiteanna eile go dtí na Sé Chondae Fichead chun tairbhe a bhaint as ráta cánach corparáide boigéiseach an stáit. Is fíric lom é go n-athlonnóidh na comhlachtaí sin amach as Éirinn má aimsíonn siad féidearthacht áit níos brabúsaí mar a léirigh Dell go suntasach in 2009.

Má tá Éire le cúlúithe amach seo a sheachaint, cúlúithe den chineál atá ag slogadh na tíre faoi láthair, tá athailíniú bunúsach de dhíth ar an bhealach a eagraítear na hearnálacha tógálacha, déantúsaíochta, bia agus seirbhísí. I samhail eacnamaíochta pleanáilte go daonlathach, bhainfí ar shiúl féidearthacht na mbolgán réadmhaoine, agus dhíreofaí iarrachtaí an thionscail tógála i seilbh poiblí ar bhonn riachtanais na ndaoine agus na bpobal, ní ar theidhe fhorbróirí agus amhantraithe.

Ar an chuma chéanna, bhainfí feidhm as acmhainní agus fuinnimh ghníomhaireachtaí stáit agus rialtais le cuidiú le forbairt na n-earnálacha dúchasacha déantúsaíochta agus seirbhíse. Thabharfaí tacaíocht ar leith do fhiontraíochtaí bunaithe ag comharchumainn oibríthe agus ag pobail ag feidhmiú i réimsí inbhuanaithe ar nós turasóireachta, ealaíona, fuinnimh malartacha agus déantúsaíochta ar ardluach. D'fhéadfadh soláthar fhóirdheonuithe ar ús íseal agus áitreabh in éineacht le traenáil oibríthe bheith cuimsithe in a leithéid de thacaíocht.

Bhainfí úsáid as lucht oibre oilte agus cleachta na hÉireann tríd an stát ag tacú le bunú líon fhiontraíochtaí nua-thionscanta faoi smacht oibríthe dírithe ar thaighde agus forbairt in earnálacha ar nós teicneolaíochta an eolais, cógaisíochta agus ceimiceáin. I gceann tamaill, d'fhéadfadh forbairt oibríochtaí móra déantúsaíochta sna hearnálacha seo a bheith mar thoradh a leithéid d'infheistíocht.

Infreastruchtúr Náisiúnta

Chuaigh na rialtais sna Sé agus Cé Chondae Fichead araon go díograiseach le príobháidiú infreastruchtúr fisiceach an náisiúin. Trí Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí, Tionscnaimh Airgeadais Phríobháidigh agus meicníochtaí nach iad, tá corparáidí príobháideacha ag fáil smachta céim ar chéim ar gach gné den infreastruchtúr náisiúnta. Is samplaí iad scoileanna, otharlanna, mótarbhealaí, bealaí iarainn agus líonraí fuinnimh den chineál infreastruchtúir atá tógtha ag, i seilbh agus stiúrtha ag corparáidí príobháideacha.

Tá sé dodhéanta ar fad go mbeadh geilleagar daonlathach nó sochaí dhaonlathach ann i gcás ina bhfuil an t-infreastruchtúr náisiúnta faoi smacht chaipitil phríobháidigh. In eacnamaíocht shóisialach Éireannach, bheadh gach mórinfreastruchtúr náisiúnta, ag cuimsiú líonraí iompair, cumarsáide agus fuinnimh, chomh maith le scoileanna agus otharlanna, bheadh siad i gcomharhsheilbh agus oibríthe go daonlathach.

Cúltacaí Mianraí agus Hidreacarbóin

Measann rialtas Átha Cliath go bhfuil luach na gcéadta billiún euro le cúltaicí ola agus gáis na hÉireann, agus na luachanna seo le hardú de réir mar a laghdaíonn cúltaicí ola agus gáis an domhain. Tá cruthaithe chomh maith go bhfuil cúltaicí fiúntacha mianraí ag Éirinn, ar nós luaidhe agus sinc, agus an fhéidearthacht go n-aimsítear tuilleadh cúltaicí.

Faoin chóras reatha is le corparáidí príobháideacha intíre agus ilnáisiúnta na cúltaicí mianraí agus hidreacarbóin seo go léir, agus muintir na hÉireann ag fáil faic tairbhe a bheag nó a mhór ó shaothrú na n-acmhainní seo. In eacnamaíocht shóisialach thabharfaí na cúltaicí seo go léir isteach in úinéireacht phoiblí trí bhunú chomhlachta stáit taiscéalta agus forbartha, a bheadh mar dhualgas aici na scileanna riachtanacha a fhorbairt leis na hacmhainní seo a shaothrú ar bhealach atá inbhuanaithe don eacnamaíocht agus don timpeallacht.

I gcás na hidreacarbón, d'infheisteofaí cuid den saibhreas saothraithe i bhforbairt foinsí fhuinnimh malartacha ar nós gaoithe, taoide agus uisce, a bhfuil soláthar ollmhór díobh in Éirinn. Tá cumas ag forbairt dhírithe na dteicneolaíochtaí úd Éire a chur mar cheannaire domhanda i dtaighde, dearadh forbairt agus déantús na teicneolaíochta fuinnimh a bheas de dhíth leis an bherna fuinnimh a chruthaíonn deireadh ré an ola a líonadh.

Geilleagar Eolasbhunaithe Daonlathach

Le blianta beaga anuas, tá neart áibhéile ann faoin gheilleagar eolasbhunaithe mar a deirtear leis. Ceaptar an díospóireacht áfach i gcomhthéacs freastal ar riachtanais chaipitil phríobháidigh, agus an stát ag soláthar fóirdheontas agus buntáistí cánach d'ilnáisiúntaigh. Tá an t-eolas a bhfuil á chruthú ag lucht oibre na hÉireann, ina hollscoileanna agus trasna na teicneolaíochta eolais; baintear úsáid as na hearnálacha cógaisíochta, leighis agus biteicneolaíochta chun brabúis ollmhóra a dhéanamh do chorparáidí ilnáisiúnta agus ní ar son leas phobal na hÉireann.

I mionsamhail eacnamaíochta sóisialaí, bheadh a leithéid d'eolas faoi sheilbh agus smacht poiblí, in úsáid do thairbhe an chine dhaonna i gcoiteann. Beidh infheistiú suntasach i ngach leibhéal oideachais agus deireadh le cleachtas an phaitinnithe phríobháidigh ar eolas a cruthaítear in ollscoileanna na tíre de dhíth ar mhaithe le forbairt chumas taighde agus forbartha na hÉireann.

Feirmeoireacht, Bia, lascaireachtaí agus Foraoiseacht

Le cuid den talamh is torthúla ar domhan, tá traidisiún saibhir feirmeoireachta ag Éirinn, agus fós, ar fud na tíre, leanann líon na ndaoine fostaithe i bhfeirmeoireacht agus i dtáirgeadh bia ag ísliú. Tá meánmhéid feirmeacha ag

méadú go seasta de réir mar a bhrúitear feirmeoirí níos lú amach as an fheirmeoireacht. Tá corrlaigh tháirgeadh bia go fóill á bhfásadh ag sraitheanna ollmhargaí atá ag éileamh níos mó ar níos lú, agus tá an fheirmeoireacht ag éirígí do-oibrithe go heacnamúil do líon méadaithe de theaghlaigh fheirmeoireachta.

Má tá feirmeoireacht agus táirgeadh bia le fanacht mar earnáil mhór i ngeilleagar na hÉireann, beidh athrú radacach de dhíth. Faoin réimeas reatha, féachtar ar bhia díreach mar thráchtearra eile le táirgeadh chomh saor agus is féidir agus díolta leis an tairgeoir is airde. Ach níor chóir go mbeadh bia ina tráchtearra; is cearta daonna bunúsach é rochtain ar bhia shlán ar ardchaighdeán. Ba chóir go mbeadh seo mar an bunús ar a thógtar earnálacha feirmeoireachta agus próiseála bia na hÉireann.

Faoi gheilleagar daonlathach nua, bheadh earnáil fheirmeoireachta agus bhia na hÉireann dírithe ar bhia shláintiúil ar ardchaighdeán a sholáthar do mhuintir na hÉireann agus thar lear ar phraghas réasúnta. Bhainfí seo amach trí bhrabúis iomarcacha na sraitheanna ollmhargaí a ghearradh amach agus línte soláthar níos díri a chruthú ón fheirm go tábla na cistine. Trí tacú le comharchumainn fheirmeoireachta, margáí feirmeoirí agus fiontraíochtaí dúchasacha próiseála bia, d'fhéadfadh an stát an meath déanach san earnáil talmhaíochta a aisthiontú.

Glacadh na deiche billiún euro d'éisc ó uiscí na hÉireann ó 1973, nuair a chuaigh na Sé Chondae Fichead leis an Aontas Eorpach. Thug báid iascaireachta ó bhallstáit eile an AE formhór na n-iasc seo chun talún. Ní mór costas iomlán díoladh chearta iascaireachta na hÉireann a mheas ní amháin i luach na n-iasc ach san ioncam agus cumas fostaíochta a ligeadh uathu sna hearnálacha próiseála bia agus turasóireachta. Cheadódh athdhearbhú chearta iascaireachta na hÉireann do fhorbairt tionscail iascaireachta inbhuanaithe in Éirinn, ag cruthú fostaíochta ar farráige, san earnáil phróiseála bia agus i dturasóireacht.

Ag díreach 10 faoin chéad, tá ceann de na leibhéil chumhdach foraoise san Eoraip ag Éirinn, d'ainneoin go bhfuil de na haeráidí is fabhraí le aghaidh fhás foraoise san Eoraip ag an tír. Beidh tairbhe ollmhór sóisialta, timpeallachta, fostaíochta agus eacnamaíochta ag ardú suntasach sna leibhéil chumhdach foraoise. In eacnamaíocht shóisialach, bheadh foraoisí na hÉireann faoi sheilbh agus smacht mhuintir na hÉireann, le saothrú ar bhealach atá inbhuanaithe don eacnamaíocht agus don timpeallacht.

Ag Cur Cearta Saoránach Roimh Chearta Caipitil

Tá an tsochaí faoin chaipitleachas naimhdeach do charta daoine mar gheall ar an dóigh ina bhfuil an tsochaí sin eagraithe go heacnamaíoch agus go sóisialta; tá cearta daoine géilliúil do riachtanais chaipitil agus, mar sin, is féidir cearta daoine a chur ar ceal, agus déantar amhlaidh go minic, nuair a ordaíonn riachtanais bhrabús-bhunaithe an chórais. Is é forcheannas is cúis le diúltú chearta daoine. Sa deireadh, tagann forcheannas agus dúshaothrú, bíodh siad ar mhná, grúpaí eitneacha nó náisiúin, tagann siad go díreach ó fhorcheannas aicmeach. Is fíor go leanann leatrom ar mhná san áit oibre, mar shampla, go

bhfaigheann siad rátaí pá níos ísle agus gur lú deiseanna chun ardú céime atá acu – is iarmhairt dhíreach seo ar shochaí phatracach faoi cheannas fear agus tugann dearbhú soiléir ar an dinimic réabtha agus polaraithe go sóisialta ag ceartlár an chaipitleachais.

Ainneoin na coimhlinte idir cearta daoine agus brabús atá faoi bhun an chórais chaipitligh, streachail glúnta oibrithe le dul chun cinn réasúnta a bhaint amach san áit oibre agus i rochtain ar thithíocht, chúram sláinte agus oideachas a bhaint amach. Tá crainn thaca an nualibrálachais ag iarraidh an dul chun cinn seo a aisiompú agus pá agus coinníollacha oibrithe a thiomáint síos agus sláinte, tithíocht agus oideachas a oscailt a thuilleadh don mhargadh. Ní mór diúltú don chlár oibre seo le fuinneamh agus é a shárú. Creideann éirígí gur cheart coinníollacha oibre a fheabhsú agus a chosaint agus gur chóir do mbeadh rochtain uilíoch ar chúram sláinte, oideachas agus tithíocht ar ardchaighdeán mar bhunchearta ag gach saoránach.

Taobh le comharsmacht ar acmhainní nádúrtha na hÉireann, talamh a tháirgeann maoin, bainc, mórthionscail agus líonraí cumarsáide agus iompair, creideann éirígí gur chóir don stát ceart cinntithe ar phost agus cearta oibrithe eagrú i gceardchumann a sholáthar. Ina theannta sin, creideann muid gur féidir agus gur chóir an tseachtain oibre a laghdú go suntasach gan aon chailliúint phá iarmartach ó ghnáthsheachtain reatha 40-uaire. Ba chóir dul chun cinn sa teicneolaíocht a úsáid chun oibrithe a shaoradh ón ualach oibre in áit chun leibhéal bhrabúis níos mó i gcónaí a dhéanamh don lucht ceannais.

Ar an dá thaobh den teorann leagtha ag Sasana, tá rochtain ar chúram sláinte den scoth ag brath ar ioncam duine aonair. Tá diúltú rochtana gasta agus éifeachtaí dóibh siúd gan árachas leighis príobháideach ina thoradh ar phlancadh sholáthar na seirbhíse sláinte poiblí agus tabhairt isteach córais chúram sláinte dhá shraith, bunaithe ar smaoineamh nualibrálach de sholáthar stáit teoranta i ‘margadh’ chúram sláinte ar mhaithe le brabús agus príobháideach den chuid is mó.

Taobh le réabhlóid i soláthar chúram sláinte, beidh cruthú chórais oideachais fhadshaoil shaoir agus uilíoch mar chuid lárnach d’Éirinn shóisialach nua. Shíneodh a leithéid de chóras ón naíonra go dtí an ollscoil agus ar aghaidh. Tá an cleachtas reatha ina eagraítear oideachas de réir riachtanais chaipitil agus an mhargaidh ag diúltú chothú tallainne cruthaitheacha chách ar mhaithe leis an tsochaí ina hiomláine. I gcóras oideachais nua, chuirfí deireadh le fóirdheontais stáit d’oideachas príobháideach chomh maith le smacht reiligiúnach ar aon ghné de sholáthar oideachas.

Le blianta beaga anuas, chonaic polasaí tithíochta ar fud na hÉireann díoladh méadaitheach an stóir thithíochta phoiblí, oscailt an mhargaidh thithíochta do fhorbróirí agus amhantraithe príobháideacha, agus laghdú suntasach in infheistíocht stáit i soláthar tithíochta poiblí. Mar thoradh ar amhantraíocht talún bhí fás easpóntúil i bpraghais thithe, agus mar thoradh ar úsáid Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí i gcláir athghiniúna pobail sna Sé Chondae Fíchead tá pobail lucht oibre tréigthe chuig spreanganna an mhargaidh. Níor cheart polasaí tithíochta a dhíriú ar bhrabús a chruthú do fhorbróirí réadmhaoine agus amhantraithe, ina áit ba cheart go bhfréamhófaí é i

riachtanais dhaoine agus in bhuanaitheacht pobal. Éilíonn seo infheistiú suntasach i dtithíocht phoiblí, rannpháirtíocht ghníomhach na bpobal i bpleanáil phobalsaoil inbhuanaithe, infheistiú in áiseanna agus seirbhísí áitiúla, agus deireadh láithreach le fóirdheontais stáit do fhorbróirí agus do thiarnaí talún.

Ag Eagrú na Frithbheartaíochta

Is léir go bhfuil cogadh gairthe ag bunaíocht pholaitiúil agus eacnamúil na hÉireann ar an lucht oibre. Ní mór dul i gcomhrac le ranganna cruinnithe an chaipitleachais bhunaithe, le frithbheartaíocht eagraithe agus diongbháilte. Bhí oibríthe agus pobail ar tosach ag diúltú glúin a fheacadh do dhul ar aghaidh an chaipitleachais. Ó shealbhaíochtaí áiteanna oibre, go gníomh stailce; ó streachailtí pobal áitiúil in aghaidh chiorruithe i seirbhísí go frithbheart ar chorparáidí ilnáisiúnta ola; ar na sráideanna agus sna háiteanna oibre tá an aistroid ag dul ar aghaidh.

Is tríd na streachailtí cosmhuintire seo a chruthófar bunchlocha na sochaí sóisialaí nua. Tá eagrú na frithbheartaíochta riachtanach, mar ní thabharfaidh na contrárthachtaí dúchasacha sa chóras chaipitleach, a nochtadh go cruálach i gcúrsa na géarchéime reatha seo, ní thabharfaidh siad iontu féin tobchliseadh an chaipitleachais chun críche.

Thaispeáin an stair nár leor maireachtáil i mbochtanas chun córas caipitleach an dúshaothraithe sóisialta agus lucht oibre a dhaoradh go bosca bruscair na staire. I gcaitheamh na staire, mhair formhór mór an chine dhaonna i gcoinníollacha bochtanais agus dúshaothraithe. Mar a bhreathnaigh an ceannaire réabhlóideach Rúiseach VI Lenin:

‘Ní thionscnaíonn ansmacht amháin, is cuma cé chomh holc, staid réabhlóideach i dtír. I bhformhór na gcásanna ní leor le haghaidh réabhlóid nár mhaith leis na híochtaráin maireachtáil sna seanbhealaí.’

Is rud forránta é an stát faoin chaipitleachas. Ní ghabhann bunaíocht pholaitiúil an stáit nua-aimseartha, ina feisteas mar choiste bainistíochta ghnóthaí coiteanna an lucht ceannais, ní ghabhann sí go humhal lena freagracht leas caipitil a chosaint. Is iomaí agus is iomadúil na bealaí atá faoi réir an stáit chaipitligh le cuidiú leis seo. Pé áit is féidir, cumtar ‘toiliú’ na ndaoine glacadh le córas sóisialta a bhréagnaíonn a leas, trí chur chun cinn idé-eolaíochta a ionannaíonn luachanna agus moráltacht an chaipitleachais le ‘ciall choiteann’ agus an nóisean gur comhartha ar an ord ‘nádúrtha’ é an caipitleachas. In éagmais na ‘toile’, téitear i ngleic le bagairt ar bith suntasach ar fhorcheannas an chórais chaipitligh le foréigean agus cur faoi chois ón stát.

Ní saothar éasca é tógáil na malairte sóisialaí. Éileoidh sé, mar a thug Lenin faoi deara, *‘nach bhféadfadh leis an uasalaicme rialú sa seanbhealach’*. Éileoidh seo tógáil frithbheartaíochta eagraithe forleathana, tiomáinte do threascairt an chórais chaipitligh. Ní bhainfear athrú bunúsach eacnamaíochta, sóisialta agus polaitíochta amach ach trí shlógadh eagraithe agus cruinnithe oibríthe agus pobal i streachailt.

Is tríd na streachailtí seo a dhíbreofar an córas caipitleach agus a chuirfear bunús eagrú sochaí amach anseo: sochaí bunaithe ar chomhoibriú agus ar dhaonlathas rannpháirtíoch dílis. Mar sin, do éirígí, is í Poblacht Shóisialach Dhaonlathach an t-aon mhalairt inmharthana ar na fadhbanna atá os comhair na hÉireann. Mar a thaispeáin James Connolly go ceart, ní bhainfear seo amach:

‘Ach le páirtí réabhlóideach a leanann leo ar an réamhleagan gur cionpháirtithe coiriúla iad an lucht rachmais agus tiarnaí talún i mbaile agus faoin tuath le rialtas na Breataine, i moghsaine agus daoirse an náisiúin. Ní mór dá leithéid de pháirtí bheith sóisialach, agus ón sóisialachas amháin a thioctas slánú na hÉireann.’

Ar son Sochaí Daonlathaí Dáiríre

Is cur i gcéill iad na hinstiúidí sa dá stát atá in ainms bheith daonlathach, nach bhfuil ag tairiscint freasúra don chaipitleachas ná freagracht don phobal. Is sampla den dóigh a chuireann leas gnólachtaí príobháideacha thar leas an phobail é cinneadh rialtas Átha Cliath NAMA a bhunú agus dul i mbannaí ar na bainc san am céanna. Taispeánann an dá chinneadh seo, a chuireann fiach ollmhór do bhainc phríobháideacha mar ualach ar dhaonra na Sé Chondae Fichead do ghlúnta le teacht, taispeánann sé saobhchiall nóisean an daonlathais i sochaí chaipitleach.

Ag an am chéanna, glacann idirbheartaíochtaí rúnda idir páirtithe polaitiúla i dtionól na Sé Chondae agus rialtais na Breataine agus na Sé Chondae Fichead cumhacht níos faide ar shiúl ó phobail agus fágann iad soghonta ag leas straitéiseach pháirtithe a deir go ndéanann siad ionadaíocht orthu. Ní athróidh instiúidí daonlathais liobráligh bun-nádúr an chórais chaipitligh agus tá siad neamhábalta daonlathas rannpháirtíoch dáiríre a thoirbhirt.

Soláthróidh forbairt struchtúir pobal mhalartacha dhaonlathacha agus iomlán rannpháirtíoch na bunchlocha ar a dtógfar sochaí nua agus daonlathach i ndáiríre. Mar a thaispeáin Marx, léirigh taithí Chomún Pháras in 1871 *‘nach féidir leis an lucht oibre greim a leagan ar ghléas stáit réamhdhéanta agus feidhm a bhaint as dá chuspóir féin’*. Ní mór don lucht oibre a instiúidí daonlathacha nua féin a thógáil – instiúidí a thioctadh leo ceart mhuintir na hÉireann chun seilbh na hÉireann a aistriú faoi dheireadh ó mheanmarc go réaltacht. De réir a nádúir féin, má tá sí le bheith saor i ndáiríre, ní mór dá leithéid de dhaonphoblacht bheith ina poblacht gan tiarnaí talún, baincéirí príobháideacha agus caipitlithe agus ceann bunaithe ar phrionsabail an daonlathais, comhoibrithe agus dlúthpháirtíochta.

Sóisialachas agus Idirnáisiúnachas

Dé réir a céille iomláine, ní féidir an streachailt um shóisialachais a bhaint amach ach trí streachailt idirnáisiúnach: streachailt ina seasann na fórsaí sin atá leagtha ar an chóras chaipitleach dhomhanda a scrios i ndlúthpháirtíocht domhanda. Is idirnáisiúnach é poblachtachas sóisialach daonlathach na hÉireann; más domhanda an fhadhb, is amhlaidh don réiteach. Is iad fealsúnacht agus cleachtas an impiriúlachais is cúis sa deireadh le cogadh, ainnise agus fulaingt shóisialta dhomhanda. Tá dlúthcheangailt mar sin idir

díomua impiriúlachas na Breataine in Éirinn agus díomua an impiriúlachais go domhanda.

Go dtí le déanaí, bhí naimhde an tsóisialachais lúcháireach faoin mhantra gur ionann deireadh an tsóisialachas le bua an chaipitleachas agus mar sin deireadh na staire. Taispeánann géarchéim reatha an chórais chaipitligh arís eile nach bhfuil deireadh leis an stair. Gach lá, feiceann muid go bhfuil an córas caipitleach domhanda i ngéarchéim shíordhoimhinthe. An t-aon bhealach atá ag an chaipitleachas le teacht amach as géarchéim ná míosúr domhanda de 'theiripe turrainge' eacnamaíochta a thabhairt, lena ullmhófar agus déanfar an bealach do bhabhta eile dúshaothraithe agus déanta brabúis.

Tá seo soiléir i bhfreagra an dá rialtais in Éirinn, a chuir giorruithe ollmhór i gcaiteachas poiblí agus a mhol tuilleadh príobháidithe ar sheirbhísí poiblí. B'fhéidir gur seo an bealach a fheiceann leasa bunaithe an chaipitleachais an 'biseach' ag tarlú, ach, don lucht oibre, léiríonn ceachtanna an timthrialla borrrha, bolgáin agus cliste is déanaí go soiléir nach bhfuil aon todhchaí don chine daonna ar bhonn an chaipitleachais.

I bhfad ó bheith ina idé-eolaíocht agus tairiscint pholaitiúil 'mharbh', tá níos mó agus níos mó tíortha agus pobal ag teacht leis an tuiscint go bhfuil gá le malairtí polaitiúla agus eacnamúla sóisialacha ar an chlár oibre chaipitleach. In aghaidh na huaire, tá pobail ar fud an domhain ag diúltú d'idé-eolaíochtaí agus do chórais a fhorasaíonn éagothroime, dúshaothrú, bochtanas agus na hainnise gan chríoch a bhrúnn an caipitleachas ar an chine daonna.

I Meiriceá Laidieanach go háirithe, taobh le Poblacht réabhlóideach Chúba, tá gluaiseachtaí sóisialta rannpháirtíocha, 'ón bhun aníos', forásacha agus nua, agus tionscnaimh shóisialacha tosaigh anois an-suntasach, tionscnaimh ina bhfuil daoine ag daonlathú cumhacht eacnamúil agus pholaitiúil. Ní dul i gceannas ar struchtúir chumhachta an gnó amháin s'acu ach smaointe eiseacha faoin dóigh ar chóir úsáid a bhaint as cumhacht féin a athrú. Go bunúsach, tá na gluaiseachtaí seo spreagtha ag an smaointeamh go dtógtar cumhacht ón chosmhuintir aníos agus gur gá dó bheith go domhain insa agus den phobal.

Éirígí!

Ní hé foirmeacha éagsúla an chaipitleachais an rogha atá os comhair an lucht oibre; bíodh sé ina nualibrálachas lomnocht nó 'caipitleachas le coinsias' an daonlathais shóisialta. Mar ghluaiseacht réabhlóideach, is é príomhthasc éirígí i dtréimhse seo na streachailte um shaoirse leanúint ag cur chun suntais nach bhfuil ceachtar de na foirmí ábalta freastal ar leas fadtéarmach an lucht oibre. Mar chrainn taca an tsóisialachais réabhlóidigh, feidhmíonn éirígí mar eagraitheoir na ndaoine, pé áit is féidir, agus cuireann i gcrích na gnímh sin amháin a chosnaíonn agus a chuireann leas an phobail chun cinn.

Ag dul i muinín tuiscint éirígí ar nádúr do-scartha na streachailtí náisiúnta agus sóisialta, ní mór go gcuimseoidh seo comhghríosú ar réimse leathan ceisteanna, an cheist náisiúnta agus cuspóirí láithreacha choinníollacha feabhsaithe sóisialta, maireachtáil agus oibríthe don lucht oibre san áireamh. Is

do réabhlóidithe atá sé taispeáint don phobal gur iad fíornaimhde s'acu na tiarnaí talún, lucht dúshaothraithe agus iadsan a choinníonn cuid den tír seo faoi ghabháil pholaitiúil agus mhíleata.

In Éirinn agus go hidirnáisiúnta, ní mór an sóisialachas a thógáil; ní thioctaidh poblacht shóisialach ann léi féin – ní mór í a thógáil ón talamh aníos. Caithfidh iarrachtaí mhuintir na hÉireann sochaí a thógáil bunaithe ar phrionsabail an tsóisialachais bheith suite i mbunphrionsabail seilbh an phobail ar na próisis bainte leis. Ciallaíonn sin nach féidir sóisialachas a thógáil agus a chothú ach trí rannpháirtíocht ghníomhach na ndaoine i ngníomh céanna a tógála agus a riartha.

Go laethúil, éiríonn sé níos soiléire agus níos soiléire nach bhfuil in aisling Fhorógra 1916 ach sin go díreach – aisling. Is léir go bhfuil an ghné is tábhachtaí de fhuascailt na hÉireann – fuascailt a muintire – dodhéanta faoin chaipitleachas. Éiríonn an bhearna idir aidhm, spiorad agus briathar Chlár Oibre Poblacánaighe na Chéad Dála 1919 níos fada uathu sin i ngach clár rialtais ina dhiaidh sna Sé Chonrae Ficead agus, le déanaí, i dtionól Stormont le gach bliain a théann thart.

Dá mhéad a ghéilleann rialtas do chlár oibre nualibrálach lena nóisean teoraithe den 'stát beag' agus 'rialtas mar éascaitheoir do bhrabús agus do ghnó príobháideach', is amhlaidh is mó a ionannaíonn sé féin le leas atá contrártha do leas an lucht oibre. Dá mhéad a dhéanann sé amhlaidh, is mó a ullmhaíonn sé na coinníollacha nach mbeidh dul as don lucht oibre ann ach éirí amach, a lucht rialaithe a bhriseadh agus córas a a bhunú ina bhfuiltear ceanúil ar dhaoine agus ní ar chorrailigh bhrabúis.

Creideann éirígí go bhfuil ábharthacht an tsóisialachais réabhlóidigh chomh suntasach inniu agus a bhí riamh. Mar a bhí le James Connolly, is é seasamh éirígí freisin gur ón sóisialachas amháin a thioctas slánú lucht oibre na hÉireann agus an domhain. Tá muid diongbháilte sa chreideamh seo mar tá muid cinnte dearfa gur í polaitíocht an phoblachtachais shóisialaigh dhaonlathaigh réabhlóidigh polaitíocht na streachailte le leasa mhuintir na hÉireann a dhaingniú agus a chosaint.

Chuirge seo, feiceann an pholaitíocht a taobhaíonn éirígí léi go bhfuil an streachailt in éadan an chaipitleachais agus ar son an tsóisialachais riachtanach do fhuascailt mhuintir na hÉireann. Tá daingniú agus cosaint leasa an lucht oibre comhchiallach le fuascailt an lucht oibre ó chuing an chaipitleachais agus an impiriúlachais.

Is é an tasc deiridh do gach réabhlóidí áitiú ar dhaoine bheith ina réabhlóidithe. An lucht oibre a áitiú gur gá dóibh dul leis an taobh réabhlóideach sa streachailt aicmeach chun a gcomhleasa féin a dhaingniú agus a chosaint. Is é tasc réabhlóidithe an lae inniu an coinníollacha a chruthú ina ndéanfaidh '*muintir gan mhaoin*' Tone slua réabhlóideach díobh féin a éireoidh amach agus, uair amháin agus an uair dheireanach, a millfidh an córas creiche ar é an caipitleachas.